<i>Rialachán lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 maidir leis an gcóras cuntaisíochta don chaiteachas in iompar d'iarnród, de bhóthar agus d'uiscebhealach intíre</i> Rialachán (AE) 2023/144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2023 lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ón gComhairle lena dtugtar isteach córas cuntaisíochta don chaiteachas ar bhonneagar i leith iompair d'iarnród, de bhóthar agus d'uiscebhealach intíre, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 851/2006 ón gCoimisiún lena sonraítear na hítimí atá le cur san áireamh faoi na ceannteidil éagsúla i bhfoirmeacha na gcuntas a léirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ón gComhairle IO L 21, 23.1.2023, lgh. 1–2	68/1/22 REV1
GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA	
GNÍOMH	DOICIMÉAD
<i>Rialachán ón gComhairle maidir le dlúthpháirtíocht a fheabhsú trí chomhordú níos fearr a dhéanamh ar cheannacháin gháis, ar mhalartuithe gáis thar theorainneacha agus ar thagarmharcanna praghais iontaofa</i> Rialachán (AE) 2022/2576 ón gComhairle an 19 Nollaig 2022 lena bhfeabhsaítear an dlúthpháirtíocht trí chomhordú níos fearr a dhéanamh ar cheannacháin gháis, trí thagarmharcanna praghais iontaofa agus trí mhalartuithe gáis thar theorainneacha IO L 335, 29.12.2022, lgh. 1–35	14065/22

<i>Rialachán ón gComhairle maidir le Cumasú Iompair de Thalamh</i> Rialachán (AE) 2022/2586 ón gComhairle an 19 Nollaig 2022 maidir le hAirteagail 93, 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm i dtaca le catagóirí áirithe Státchabhrach in earnálacha an iompair ar iarnród, an iompair ar uiscebhealaí intíre agus an iompair ilmhódaigh (téacs atá ábhartha maidir le LEE) IO L 338, 30.12.2022, lgh. 35–39	13068/2/22 REV1
<i>Cinneadh ón gComhairle lena n-iarrtar ar an gCoimisiún staidéar a thíolacadh lena gcomhlánaítear an measúnú tionchair ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115</i> Le Cinneadh (AE) 2022/2572 ón gComhairle an 19 Nollaig 2022 iarradh ar an gCoimisiún staidéar a thíolacadh lena gcomhlánaítear an measúnú tionchair ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus gníomhaíochtaí leantacha a mholadh, más iomchuí, i bhfianaise thorthaí an staidéir IO L 331, 27.12.2022, lgh. 6–8	15652/22
<i>Cinneadh ón gComhairle maidir le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, EUMM Georgia</i> Cinneadh (CBES) 2022/2507 ón gComhairle an 19 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh 2010/452/CBES maidir le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, EUMM Georgia IO L 325, 20.12.2022, lgh. 110–111	15703/22
<i>An Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2283 le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíochta áirithe</i> Rialachán (AE) 2022/2563 ón gComhairle an 19 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2283 lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíochta áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin IO L 330, 23.12.2022, lgh. 109–125	15067/22
<i>Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2278 lena ndéantar na dleachtanna Comhtharaife Custaim i gcás táirgí talmhaíochta agus tionsclaíochta áirithe a chur ar fionraí</i> Rialachán (AE) 2022/2583 ón gComhairle an 19 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2278 lena gcuirtear ar fionraí na dleachtanna Comhtharaife Custaim dá dtagraítear in Airteagal 56(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 i gcás táirgí talmhaíochta agus tionsclaíochta áirithe IO L 340, 30.12.2022, lgh. 1–240	15070/22

<i>Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena n-údaraitear don Ísiltír maolú maidir le CBL a thabhairt isteach</i> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2542 ón gComhairle an 19 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1904 lena n-údaraitear an Ísiltír le beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 285 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha IO L 328, 22.12.2022, lgh. 105–106	15298/22
<i>Moladh arna eascairt as meastóireacht Schengen – an Ísiltír: beartas víosaí</i> Dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh (thromchúiseacha) a sainaitníodh i meastóireacht 2022 ar an Ísiltír maidir le cur i bhfeidhm <i>acquis</i> Schengen i réimse an chomhbheartais víosaí	15497/22
<i>Moladh arna eascairt as meastóireacht Schengen – an Ísiltír: beartas um fhilleadh</i> Dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaitníodh i meastóireacht 2021 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an Ísiltír ar <i>acquis</i> Schengen i réimse an fhillte	15524/22
<i>Moladh maidir le meastóireacht Schengen – an Iorua: Córas Faisnéise Schengen</i> Dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaitníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an Iorua ar <i>acquis</i> Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen	15500/22
<i>Moladh maidir le meastóireacht Schengen – an tSualainn: Córas Faisnéise Schengen</i> Dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaitníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an tSualainn ar <i>acquis</i> Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen	15502/22
<i>Moladh arna eascairt as meastóireacht Schengen – an tSualainn: beartas um fhilleadh</i> Dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaitníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an tSualainn ar <i>acquis</i> Schengen i réimse an fhillte	15522/22 + COR1
<i>Moladh arna eascairt as meastóireacht Schengen – Lichtinstéin: beartas um fhilleadh</i> Dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaitníodh i meastóireacht 2020 ar an gcur i bhfeidhm a rinne Lichtinstéin ar <i>acquis</i> Schengen i réimse an fhillte	15526/22
<i>Moladh arna eascairt as meastóireacht Schengen – an Ostair: beartas um fhilleadh</i> Dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaitníodh i meastóireacht 2020 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an Ostair ar <i>acquis</i> Schengen i réimse an fhillte	15528/22

<i>Cinneadh ón gComhairle maidir le seasamh an Aontais atá le glacadh sa Chomhairle Comhpháirtíochta faoin gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe maidir le síneadh a chur leis an maolú ar an oibleagáid sonraí PNR a scriosadh</i> Cinneadh (AE) 2022/2574 ón gComhairle an 19 Nollaig 2022 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhpháirtíochta arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an tréimhse eatramhach dá dtagraítear in Airteagal 552 (11) den Chomhaontú sin ar lena linn a fhéadfaidh an Ríocht Aontaithe maolú ar an oibleagáid sonraí i dTaifead Ainmneacha Paisinéirí na bpaisinéirí a scriosadh tar éis dóibh imeacht as an Ríocht Aontaithe IO L 334, 28.12.2022, lgh. 96–98	15378/22
<i>Cinneadh ón gComhairle maidir le seasamh an Aontais atá le glacadh sa Chomhairle Comhpháirtíochta faoin gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe maidir le comhaltaí de bhinse eadrána faoin gComhaontú Trádála agus Comhair</i> Cinneadh (AE) 2022/2575 ón gComhairle an 19 Nollaig 2022 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhpháirtíochta arna bunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le cinneadh ón gComhairle Comhpháirtíochta a ghlacadh chun liosta de dhaoine aonair atá toilteanach agus inniúil ar bheith ina gcomhaltaí de bhinse eadrána faoin gComhaontú sin a bhunú IO L 334, 28.12.2022, lgh. 99–103	15401/22

Nósanna imeachta i scríbhinn	
GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA	
GNÍOMH	DOICIMÉAD
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 3 Nollaig 2022	5462/22
<i>Cinneadh agus Rialachán ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchoibhsú staid na hÚcráine</i> Cinneadh (CBES) 2022/2369 ón gComhairle an 3 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchoibhsú staid na hÚcráine IO L 311I, 3.12.2022, lgh. 8–12	14250/1/22 REV1
<i>Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchoibhsú staid na hÚcráine</i> Rialachán (AE) 2022/2367 ón gComhairle an 3 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchoibhsú staid na hÚcráine IO L 311I, 3.12.2022, lch. 1–4	14252/1/22 REV1
Ráiteas ón gCoimisiún maidir leis an toirmeasc ar sholáthar na seirbhísí sannta brataí agus clárúcháin le haghaidh soithí a iompraíonn ola na Rúise os cionn leibhéal na caidhpe praghais	5462/22
Deimhníonn an Coimisiún go bhfuil an toirmeasc ar sholáthar na seirbhísí sannta brataí agus clárúcháin le haghaidh soithí a iompraíonn ola na Rúise os cionn leibhéal na caidhpe praghais nasctha go docht le cur i bhfeidhm shásra na caidhpe praghais agus go bhfuil sé teoranta d’fhad an tsásra. Is léiriú é sin ar an gcomhdhearcadh ar thángthas air i measc Chomhghuaillíocht na Caidhpe Praghais maidir le raon feidhme na seirbhísí a chumhdaítear leis an sásra. Tá cur chun feidhme comhsheasmhach na Caidhpe Praghais ar ola na Rúise ar fud chomhpháirtithe na Comhghuaillíochta rithábhachtach chun cothroime iomaíochta a ráthú. Dá bhrí sin, deimhníonn an Coimisiún freisin go bhfuil feidhm ag an toirmeasc ar sholáthar na seirbhísí sannta brataí agus clárúcháin le haghaidh soithí a iompraíonn ola na Rúise os cionn leibhéal na caidhpe praghais ar an tuisceant go ndéanfaidh comhaltaí Chomhghuaillíocht na Caidhpe Praghais cothroime iomaíochta a áirithiú i ndáil leis na seirbhísí sin le haghaidh soithí a iompraíonn ola na Rúise os cionn leibhéal na caidhpe praghais.	

Ráiteas ón gCoimisiún maidir le trédhearcacht na gcaibidlíochtaí i gComhghuaillíocht na Caidhpe Praghais	5462/22
Tá deimhnithe ag an gCoimisiún gurb é cuspóir na caidhpe ar phraghsanna ola drochiarmhairtí ar sholáthar fuinnimh chuig tríú tíortha a mhaolú, agus ioncam ola na Rúise a theorannú san am céanna. Dá réir sin, ba cheart go mbeadh an caidhp praghais 5 % ar a laghad faoi bhun mheánphraghas an mhargaidh do tháirgí amhola agus peitríliam na Rúise. Tacóidh an Coimisiún go hiomlán leis an gComhairle san athbhreithniú rialta ar an sásra na caidhpe praghais chun éifeachtacht an bhirt a chur san áireamh i dtéarmaí na dtorthaí a bhfuiltear ag súil leo, a chur chun feidhme, cloí go hidirnáisiúnta leis an sásra caidhpe praghais agus ailíniú neamhfhoirmiúil leis, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar an Aontas agus ar a Bhallstáit agus freagairt d'fhorbairtí sa mhargadh, lena n áirítear suaiteachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann, agus chun a áirithiú go mbainfear na cuspóirí sin amach. Tá deimhnithe ag an gCoimisiún go n-ardófaí aon bhreithnithe a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmiú agus do théarmaí na caidhpe praghais, lena n áirítear a cumas ioncam ola na Rúise a laghdú, laistigh de Chomhghuaillíocht na Caidhpe Praghais, tar éis plé a dhéanamh sa Chomhairle. Tá deimhnithe ag an gCoimisiún freisin go gcuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas le trédhearcacht iomlán faoi aon phlé atá ar siúl faoi láthair laistigh de Chomhghuaillíocht na Caidhpe Praghais maidir leis an gcaidhp ar phraghsanna ola. Sa phlé laistigh de Chomhghuaillíocht na Caidhpe Praghais, léireoidh an Coimisiún go hiomlán na cúinsí nach mór don Chomhairle a chur san áireamh sa phróiseas athbhreithnithe agus seasamh na Comhairle tar éis an athbhreithnithe, lena n áirítear an prionsabal gur cheart go mbeadh an uasteorainn ar phraghas ola 5 % níos ísle ar a laghad ná praghas an mhargaidh, chun ioncam na Rúise a laghdú.	
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 10 Nollaig 2022	5805/22
<i>Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macrairgeadais +)</i> Seasamh (AE) Uimh. 4/2022 ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macrairgeadais +) Arna ghlacadh ag an gComhairle an 10 Nollaig IO C 476, 15.12.2022, lgh. 13–26	15727/22 ADD1 REV1
Seasamh (AE) Uimh. 4/2022 ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macrairgeadais +), arna ghlacadh ag an gComhairle an 10 Nollaig – Ráiteas ar chúiseanna IO C 476, 15.12.2022, lch. 27	15727/22 ADD1 REV1

An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 16 Nollaig 2022	5833/22
<i>Cinneadh agus Rialachán ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine</i> Cinneadh (CBES) 2022/2478 ón gComhairle an 16 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine IO L 322I, 16.12.2022, lgh. 614–686	15382/22
Rialachán (AE) 2022/2474 ón gComhairle an 16 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine IO L 322I, 16.12.2022, lch. 1–314	15384/22
Fógra le haghaidh NTV/NTV Mir, Rossiya 1, REN TV, Pervyi Kanal, maidir lena n-áireamh i gCinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine IO C 481I, 19.12.2022, lch. 6	15385/22
<i>Cinntí, Rialachán Cur Chun Feidhme agus Rialachán ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin</i> Cinneadh (CBES) 2022/2477 ón gComhairle an 16 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin IO L 322I, 16.12.2022, lch. 466–613	15261/22
Cinneadh (CBES) 2022/2479 ón gComhairle an 16 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin IO L 322I, 16.12.2022, lch. 687	15777/22
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2476 ón gComhairle an 16 Nollaig 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin IO L 322I, 16.12.2022, lch. 318–465	15263/22
Rialachán (AE) 2022/2475 ón gComhairle an 16 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin IO L 322I, 16.12.2022, lch. 315–317	15779/22

Fógra arna dhíriú ar na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinntí (CBES) 2022/2477 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2476 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin IO C 481I, 19.12.2022, lch. 1	15264/22
Fógra le haghaidh na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbearta sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/2477 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2476 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin IO C 481I, 19.12.2022, lch. 3	15264/22
Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí a mbeidh feidhm ina leith ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin IO C 481I, 19.12.2022, lch. 4	15264/22
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 15 Nollaig 2022	5860/22
<i>Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta ó 2021 go dtí 2027</i> Rialachán (AE, Euratom) 2022/2496 ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021-2027 IO L 325, 20.12.2022, lgh. 11–12	14471/1/22 REV 1

Dearbhú aontaobhach ón gCoimisiún maidir le méid na ráthaíochta ó bhuiséad an Aontais le haghaidh cúnamh macra-airgeadais don Ucráin	5860/22
I gcás inar gá ráthaíocht a shlógadh le haghaidh cúnamh airgeadais a eascraíonn as an Rialachán lena mbunaítear an Ionstraim chun tacaíocht a sholáthar don Ucráin (cúnamh macra-airgeadais+), ní imeoidh an Coimisiún ón uasmhéid foriomlán EUR 18 mbilliún, de réir an Rialacháin sin. I gcás ina dtiocfaidh tuilleadh forbairtí eisceachtúla chun cinn, ar gá tacaíocht leachtachta ghearrthéarmach bhreise a thabhairt ina leith do 2023, ní mholfaidh an Coimisiún, gan dochar do na ceanglais nós imeachta ábhartha faoi na Conarthaí, go n-úsáidfear ráthaíocht bhreise ach amháin má tá lántacaíocht ann don mhéid sin sa Chomhairle agus má fhaigheann sé tacaíocht ó Pharlaimint na hEorpa.	
<i>Treoir ón gComhairle maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta agus grúpaí náisiúnta mórsála</i> Treoir (AE) 2022/2523 ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta fiontar agus do ghrúpaí mórsála intíre san Aontas IO L 328, 22.12.2022, lgh. 1–58	8778/22
Ráiteas ón gComhairle	15349/22 + COR1
Déanann an Chomhairle an méid seo a leanas: ATHDHEARBHAÍONN SÍ tiomantas an Aontais don ráiteas maidir le réiteach dhá cholún chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a eascraíonn as digiteáil an gheilleagair agus a phlean cur chun feidhme, a formheasadh, agus IARRANN SÍ ar chomhaltaí uile Chreat Cuimsitheach ECFE/G20 um Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis (BEPS) seasamh lena ngealltanais maidir leis an dá cholún; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil aghaidh á tabhairt ag an Aontas, ó 2017 i leith, ar na dúshláin chánach a eascraíonn as digiteáil an gheilleagair agus gur chuir an obair leanúnach atá á déanamh aige leis an gcomhaontú domhanda maidir leis an réiteach dhá cholún; DEARBHAÍONN SÍ go leanfaidh sí de thacaíocht a thabhairt don obair ar Chreat Cuimsitheach um BEPS ECFE maidir le CBAB agus tá sí tiomanta go hiomlán go dtabharfar an obair leanúnach ar ghnéithe de Cholún 1 chun críche go rathúil, lena n-áirítear an coinbhinsiún iltaobhach; MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil sé de rún daingean againn Colún 1 agus Colún 2 araon a chur chun feidhme mar a comhaontaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2021; chun na críche sin, DEANFAIDH SÍ DLUTHFHAIREACHAN ar an gcaibidlíocht leanúnach maidir leis an gcoinbhinsiún iltaobhach (MLC) i ndáil le Colún 1 agus CUIREANN SÍ I bhFÍOS GO LÁIDIR go ndéanfar, dá réir sin, athmheasúnú ar an staid, de réir mar is gá agus go tráthrialta d'fhonn réiteach mear a áirithiú ar na dúshláin chánach a eascraíonn as digiteáil an gheilleagair; IS DÍOL SÁSAIMH DI gur thángthas ar chomhaontú go gasta maidir leis an gcomhad seo; CUIREANN SÍ I bhFÍOS GO LÁIDIR nár cheart úsáid an ghnímh tharmligthe sa chomhad sonrach seo a fheiceáil mar fhasach d'ionstraimí reachtacha eile a ghlactar faoin nós imeachta speisialta reachtach is infheidhme maidir le cúrsaí cánach.	

Ráiteas ón tSualainn maidir leis an Treoir ón gComhairle maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta agus grúpaí náisiúnta mórsála	5860/22
Tá an tSualainn tiomanta do rialacha a chur chun feidhme lena n-áirithítear íosleibhéal domhanda cánachais do ghrúpaí ilnáisiúnta san Aontas agus thacaigh sí leis an Treoir atá beartaithe nuair a cuireadh i láthair í ag cruinnithe Ecofin roimhe seo. Chun freastal ar ábhair inní Ballstáit amháin, cuireadh Airteagal 55a nua leis an Treoir ag céim dhéanach. Tá an tSualainn sásta glacadh leis an Airteagal nua a cuireadh isteach ós rud é go meastar gur gá teacht ar chomhréiteach ar féidir aontoilíocht a bheith ann ina leith. Mar sin féin, is mian leis an tSualainn a chur in iúl go soiléir nach ndéanann an teanga bhreise réamhbhreith ar ár seasamh maidir le haon togra a thiolacfaidh an Coimisiún bunaithe ar an Airteagal 55a nua.	
<i>Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta san Ungáir</i> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2506 ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 maidir leis na bearta chun buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta san Ungáir IO L 325, 20.12.2022, lgh. 94–109	14247/22
<i>Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ungáir</i> Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ungáir	15447/22 + ADD 1
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 19 Nollaig 2022	5881/22
Sonraíocht an tseasaimh ón Aontas sna comhairliúcháin dhéthaobhacha idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh 2023 agus, i gcás stoic áirithe dhomhainfharraige, le haghaidh 2023 agus 2024	15858/22 + ADD1
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 21 Nollaig 2022	5720/22
ROCHTAIN PHOIBLI AR DHOICIMEID – Iarratas daingniúcháin Uimh. 17/c/01/22	15464/22
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 21 Nollaig 2022	5838/22
<i>Cinneadh Cur Chun Feidhme agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia</i> Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/2543 ón gComhairle an 21 Nollaig 2022 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2015/1333 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia IO L 328, 22.12.2022, lgh. 107–108586	14260/22
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2525 ón gComhairle an 21 Nollaig 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2016/44 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia IO L 328, 22.12.2022, lgh. 64–65	15257/22
Fógra le haghaidh eintitis áirithe atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíobhsú staid na hUcráine IO C 487, 22.12.2022, lch. 3	14261/22

Fógra le haghaidh daoine áirithe agus mórinstiúidí creidmheasa atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Ucráin IO C 487, 22.12.2022, lch. 4	14258/22
Fógra le haghaidh daoine agus eintiteas áirithe atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sríantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hUcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin IO C 487, 22.12.2022, lch. 5	16184/22
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 22 Nollaig 2022	5890/22
Rialachán (AE) 2022/2578 ón gComhairle an 22 Nollaig 2022 lena mbunaítear sásra ceartúcháin margaidh chun saoránaigh den Aontas agus an geilleagar a chosaint ar phraghsanna as cuimse ard IO L 335, 29.12.2022, lch. 45	15202/22
Ráiteas ón nGearmáin	5890/22
Cáineann an Ghearmáin i gcónaí tabhairt isteach na caidhpe praghais ar ghás. Mar sin féin, bheadh sí níos cáintí arís mura seasfadh an tAontas Eorpach gualainn ar ghualainn. Dá réir sin, tacaímid leis an Sásra Ceartúcháin Margaidh ar chúiseanna polaitiúla. Mar sin féin, chaithfí na sásraí rialaithe éagsúla a chur i bhfeidhm go cúramach agus cloí leo.	
Ráiteas ón Isiltír	5890/22
Dearbhaíonn an Isiltír, leis an ráiteas seo, go staonann sí ó vótáil maidir leis an sásra ceartúcháin margaidh, ar na cúiseanna seo a leanas • Is é an agóid is bunúsaí atá againn nach bhfuil measúnú tionchair cuibhiúil cuimsitheach á dhéanamh sula dtiocfaidh an sásra ceartúcháin margaidh i bhfeidhm go hiomlán. D'fhéadfadh impleachtaí tromchúiseacha a bheith ag an sásra sin do chobhsaíocht airgeadais an mhargaidh gáis agus do chinnteacht an tsoláthair. Ó dréachtaíodh an togra den chéad uair, níor mhaolaigh na leasuithe na rioscaí sin go leordhóthanach, ach os a choinne sin, tá rioscaí breise curtha leo trí na dálaí spreagtha a ísliú agus tríd an raon feidhme a leathnú. • Thug go leor instiúidí airgeadais, saineolaithe, rialtóirí, bainc cheannais agus cuideachtaí fuinnimh rabhadh faoi na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an sásra ar chobhsaíocht airgeadais agus ar shlándáil an tsoláthair. Ba cheart measúnú tionchair a dhéanamh ar na hábhair imní sin agus, i gcás inar gá, ba cheart aghaidh a thabhairt orthu. • Os rud é go bhfuil na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ar an tSaoráid Aistrithe Teideal (TTF), agus ar an gcaoi sin, ar fheidhmiú (airgeadais) an mhargaidh gáis agus ar shlándáil an tsoláthair in Iarthuaisceart na hEorpa, rógheár chun neamhaird a dhéanamh díobh, is mian linn go gcuirfí an sásra ar fionraí go huathoibríoch a luaithe a fhaighimid comharthaí nach bhfuil na margaí ag feidhmiú go maith, mar shampla nuair a thiteann leachtacht TTF faoi bhun leibhéal criticiúil. Ar deireadh, tá an easpa oibleagáidí breise éigeantacha, maidir le gás agus leictreachas a shábháil ag teacht salach ar chuspóirí an tsásra ceartúcháin margaidh. Creidimid fós gur cuid bhunriachtanach iad bearta atá dírithe ar an éileamh den bhosca uirlisí chun aghaidh a thabhairt ar an mbunchúis le praghsanna arda: an neamhchothromaíocht idir éileamh agus soláthar. • Níl an Isiltír ag glacadh le haon dliteanas a eascraíonn go díreach nó go hindíreach as glacadh an Rialacháin maidir leis an sásra ceartúcháin margaidh.	

An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 22 Nollaig 2022	5902/22
<i>Rialachán ón gComhairle lena leagtar síos creat chun dlús a chur le himscaradh fuinnimh in-athnuaite</i> Rialachán (AE) 2022/2577 ón gComhairle an 22 Nollaig 2022 lena leagtar síos creat chun dlús a chur le himscaradh fuinnimh in-athnuaite IO L 335, 29.12.2022, lch. 36	14787/1/22 REV1
Ráiteas ó Éirinn	5902/22
Ar mhaithe le teacht ar chomhaontú maidir le téacs comhréitigh den Rialachán ón gComhairle lena leagtar síos creat chun dlús a chur le himscaradh fuinnimh in-athnuaite (an ‘Rialachán maidir le Ceadú’), glacann Éire leis an athbhreithniú deiridh ar an téacs a scaipeadh ar an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh an 19 Nollaig. Mar sin féin, tá imní ar Éirinn faoin easpa soiléireachta maidir le gnéithe áirithe de théacs an Togra agus faoin gcaoi a n-idirghníomhaíonn sí le Treoracha comhshaoil eile de chuid an Aontais, go háirithe an Treoir maidir le Gnáthóga. Iarrann Éire ar an gCoimisiún Eorpach treoir a eisiúint maidir leis an gcaoi a n-idirghníomhaíonn an Rialachán le Treoracha comhshaoil eile de chuid an Aontais, go háirithe an Treoir maidir le Gnáthóga, chun aon saincheist dlí a thagann chun cinn i gcur chun feidhme na mbeart a sheachaint. Tacaíonn Éire go hiomlán le cur i bhfeidhm céimneach tionscadal fuinnimh in-athnuaite a mhéadú. Mar sin féin, is cúis imní d’Éirinn go bhféadfadh dúshlán dlíthiúil agus éiginnteacht a bheith mar thoradh ar easpa ailínithe le Treoracha comhshaoil eile de chuid an Aontais, rud a d’fhágfadh go mbeadh sé d’éifeacht mhíchuibhiúil agus fhrithráiteach moill a chur ar thionscadal fíor-riachtanach in-athnuaite a bheith á gcur i gcrích.	5902/22
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 22 Nollaig 2022	5932/22
<i>Teachtairacht Chomhpháirteach Aireachta ón Aontas agus Cabo Verde</i> Rún chun Teachtairacht Chomhpháirteach Aireachta ón Aontas agus ó Cabo Verde a chaibidil – céim 1 den ionstraim neamhcheangailteach	16011/22